IRISH MANUSCRIPTS COMMISSION STUDENT PRIZE 2024

The Irish Manuscripts Commission (IMC) wishes to award a prize of €1,000 to a postgraduate student (MA, PhD or equivalent) for editing of a short historical document of Irish interest.

Applicants should be currently registered for postgraduate study or have qualified in the past two years (from date of conferring of degree).

Winning entries will also be considered for publication in IMC's serial publication, *Analecta Hibernica*.

Type of material

- Originals must be unpublished primary sources — manuscript, typescript, transcript.
- Original material should be no longer than 8,000 words (without apparatus) and no shorter than 1,000 words.
- The originals may be in any language but should be accompanied either by a full translation or a summary in English or Irish.
- The originals may date from any period. Where relevant, copyright must not be infringed. Permissions must be obtained for material in private or public collections.
- You may submit one application per competition.
- Applicants may not enter previously submitted editions to subsequent IMC Student Prize competitions.

Entries should follow the conventions and style of *Analecta Hibernica* which is based on *Irish Historical Studies*, *Rules for contributors*.

Entries should be **submitted as MS Word files** (.docx) to support@irishmanuscripts.ie **by Wednesday 31 July 2024**.

Questions or queries may be directed to the same email address with the subject header IMC Student Prize query. Applications will be acknowledged on receipt and an announcement about the winning application made by Monday 30 September 2024.

The entries will be judged by expert members of the IMC.

For information about the mission and work of the IMC, see www.irishmanuscripts.ie

DUAIS MHIC LÉINN CHOIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN 2024

Is mian le Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) duais €1,000 a bhronnadh ar mhac léinn iarchéime (MA, PhD nó a gcomhionann) as cáipéis ghairid stairiúil a bhfuil baint aici le hÉirinn a chur in eagar.

Ba cheart d'iarratasóirí a bheith cláraithe faoi láthair ar chúrsa iarchéime nó a gcéim a bheith bainte amach le dhá bhliain anuas (ó dháta bronnta na céime).

D'fhéadfaí na hiarratais a n-éiríonn leo a fhoilsiú i bhfoilseachán CLÉ, *Analecta Hibernica*, chomh maith.

Cineál an ábhair

- Bíodh an bhuncháipéis ina foinse phríomha neamhfhoilsithe – lámhscríbhinn, clóscríbhinn, trascríbhinn.
- Ní ghlacfar le bunábhar atá níos faide ná 8,000 focal (gan fearas) ná níos gaire ná 1,000 focal.
- Is féidir buncháipéisí a bheith in aon teanga ach caithfear aistriúchán iomlán nó achoimre i mBéarla nó i nGaeilge a chur leo.
- Is féidir buncháipéis ó aon tréimhse a roghnú. Ní ceart cóipcheart, más ábhartha, a shárú. Caithfear an cead cuí a fháil i dtaca le hábhar ó bhailiúcháin phoiblí nó phríobháideacha.
- Ní féidir ach iarratas amháin a chur isteach in aghaidh an chomórtais.
- Níl cead ag iarratasóirí eagráin a cuireadh isteach cheana a chur isteach ar chomórtais Dhuais Mhic Léinn CLÉ eile amach anseo.

Ba cheart cloí le nósanna agus le stíl *Analecta Hibernica* i d'iarratas, atá bunaithe ar *Irish Historical Studies*, *Rules for contributors*.

Ba cheart iarratais a chur mar **chomhaid MS Word** (.docx) chuig support@irishmanuscripts.ie **roimh Dé Céadaoin an 31 Iúil 2024**.

Má bhíonn ceisteanna agat is féidir iad a chur chuig an seoladh ríomhphoist céanna le 'Ceist faoi Dhuais Mhic Léinn CLÉ' sa líne ábhair. Cuirfear amach deimhniú go bhfuil iarratas faighte nuair a chuirfear isteach é agus fógrófar an t-iarratas buacach faoin Luan an 30 Meán Fómhair 2024.

Saineolaithe ar baill CLÉ iad a mheasfaidh na hiarratais.

Tuilleadh eolais maidir le misean agus le hobair CLÉ ar www.irishmanuscripts.ie